NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11030 – AWARE SUPER / ABP / DV4 / OMERS / REAL ESTATE JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 183/03)

1. An 15 Bealtaine 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Aware Super Pty Ltd ('Aware Super', an Astráil),

— Stichting Depositary APG Strategic Real Estate Pool ('APG', an Ísiltír) faoi rialú Stichting Pensioenfonds ABP ('ABP', an Ísiltír),

— DV4 Limited ('DV4', Ógh-Oileáin na Breataine),

— Oxford Jersey Holding Company Limited ('Oxford', Geirsí), faoi rialú riarthóir Ontario Municipal Employees Retirement System Primary Pension Plan ('OMERS', Ceanada),

— Real Estate JV (An Ríocht Aontaithe)

Gheobhaidh Aware Super, APG, DV4 agus Oxford rialú comhpháirteach ar Real Estate JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ciste pinsin é Aware Super a dhéanann infheistiú ar fud réimse éagsúil cineálacha sócmhainní,

— Is ciste frithpháirteach é APG a dhíríonn ar infheistiú sa réadmhaoin, agus tá sé faoi rialú ABP, arb é sin an ciste pinsin le haghaidh fostaithe rialtais agus oideachais san Ísiltír,

— Is ciste infheistíochta réadmhaoine é DV4,

— Is cuideachta é Oxford de chuid OMERS, an ciste pinsean Poiblí Ceanadach a bhainistíonn punann domhanda éagsúlaithe de stoic agus bannaí, agus d'infheistíochtaí sa réadmhaoin, sa chothromas príobháideach agus sa bhonneagar,

— Is comhfhiontar é Real Estate JV arb é atá ann Get Living PLC, iontaobhas infheistíochta réadmhaoine atá liostaithe ar an Stocmhalartán Idirnáisiúnta i nGeansaí, in éineacht le trí chomhpháirtíocht faoi dhliteanas teoranta atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe – Merchant City (Glasgow) LLP agus Holbeck Quarter (Leeds) LLP, ar eintitis iad araon a dhéanann forbairt agus bainistíocht ar shócmhainní réadmhaoine sa Ríocht Aontaithe, agus T3 Residential Holdings LLP, soláthraí cláraithe tithíochta sóisialta sa Ríocht Aontaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11030 – AWARE SUPER / ABP / DV4 / OMERS / REAL ESTATE JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.